# Ag Freagairt do Theagmhais Chriticiúla: Cúrsa ríomhfhoghlama NEPS do Scoileanna




> Tá an cúrsa seo curtha i dtoll a chéile chun tacú le foireann na scoile ullmhú agus freagairt do theagmhais chriticiúla.

> Tá an cúrsa bunaithe ar fhoilseachán 2016 ‘*Freagairt do Theagmhais Chriticiúla: Treoirlínte agus Ábhair Acmhainne do Scoileanna ón SNSO*’.

> Tá sé dírithe go sonrach ar Fhoireann Bainistíochta Teagmhais Chriticiúla na scoile, ach is féidir le haon bhall foirne gur suim leo freastal air.

> Cruthaíonn leagan amach an chúrsa, deis don fhoghlaim féintreoraithe agus don fhoghlaim féinluais.

> Cuimsíonn an cúrsa glór na scoileanna a raibh taithi acu ar bhainistiú teagmhais chriticiúla.

> Tá 10 modúl i gceist sa chúrsa agus tógann sé thart ar 3-4 uair an chloig a chur i gcrích.

> Bronntar teastas ar chríochnú.

> Tá acmhainní in-íoslódáilte ar fáil mar áis tagartha ina dhiaidh sin

> Beidh an cúrsa ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge.

> Ó am go ham, cuirfidh SNSO seimineár gréasáin leantach roghnach ar fáil dóibh siúd a bhfuil an oiliúint ar líne curtha i gcrích acu agus a léirigh gur mian leo tuilleadh tacaíochta a fháil (bunaithe ar éileamh)

> Tá cur i láthair PowerPoint ar fáil, do rannpháirtithe a chríochnaíonn an cúrsa, ina dhéantar achoimre ar an ábhar. Is féidir an cur i láthair seo a roinnt leis an bpobal scoile mar chuid d’ionchur/oiliúint foirne uile.

> Má tá ceisteanna ar bith agat maidir leis an gcúrsa seo a chur i gcrích, nó má bhíonn aon deacrachtaí agat leis an bpróiseas clárúcháin, seol ríomhphost chuig **NEPSelearning@education.gov.ie**

**Cliceáil anseo chun clárú**

## Cad a deir scoileanna?

### Aiseolas ó scoileanna a chríochnaigh an cúrsa píolótach:

## Torthaí Píolótach:

| 93% | 100% | 98% |
| --- | --- | --- |
| Mhothaigh 93% díobh muiníneach nó an-mhuiníneach go bhféadfaidís na scileanna a foghlaimíodh sa chúrsa a chur i bhfeidhm. | Mhothaigh 100% gur fiú é a dhéanamh | Mhothaigh 98% de na rannpháirtithe go raibh an cúrsa Éasca nó An-éasca le leanúint. |

## Sleachta Díreacha ó Mhúinteoirí

"Shíl mé go raibh struchtúr an-mhaith ar an gcúrsa agus gur mór an tacaíocht é le hullmhú do Theagmhas Criticiúil agus é a bhainistiú."

"Sílim go raibh gach gné den chúrsa an-tábhachtach agus ábhartha do na heachtraí éagsúla a d'fhéadfadh titim amach."

"Tá níos mó muiníne agam ionam féin anois dá mbeadh orm bainistiu a dhéanamh ar Theagmhas Criticiúil agus is féidir liom polasaí/plean a chruthú mar thoradh ar an gcúrsa seo agus dá bhrí sin táimid ullmhaithe."

"A bheith in ann an cúrsa a dhéanamh ar mo luas féin, deis sos a ghlacadh agus machnamh a dhéanamh, chomh maith le deis athbhreithniú a dhéanamh ar fhaisnéis bhreise."

Tuigim anois cé chomh tábhachtach is atá na hullmhúcháin agus na príomhthascanna a bhaineann le hullmhú do Theagmhas Criticiúil. Meabhraítear dom an tábhacht a bhaineann le folláine a chur chun cinn ar scoil. Tuigim cad is Foireann Bainistíochta Teagmhais Criticiúil ann agus na róil atá i gceist mar chuid den FBTC."

**Cliceáil anseo chun clárú**